



An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2017
(OR. en)

8799/17

LIMITE

CO EUR-PREP 23

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	An Chomhairle Eorpach (22 agus 23 Meitheamh 2017) - Dréachtchonclúidí

I gcomhréir le hAirteagal 2(3)(a) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí a d'ullmhaigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát atá i mbun Uachtaránacht na Comhairle ar feadh tréimhse sé mhí agus le hUachtarán an Choimisiúin.

o

o o

Dhírigh an Chomhairle Eorpach inniu ar an Eoraip a neartú agus saoránaigh na hEorpa a chosaint trí bhearta éifeachtacha a ghlacadh leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus an comhbheartas slándála agus cosanta a fhorbairt, le forbairt eacnamaíoch na hEorpa a áirithiú ar na saolta domhandaithe seo, agus le teorainneacha seachtracha na hEorpa a chosaint. Is mar Aontas tréan teanntásach is fearr a fhéadfar luacha agus leasanna seo againne a chur chun cinn, tacú le córas iltaobhach a bheidh bunaithe ar rialacha, agus ár gcomhpháirtithe a spreagadh le beartas dearfach aeráide a chur ar bun. Cuideoidh a leithéid freisin le cruth a chur ar phróiseas an domhandaithe ionas gur féidir leas a bhaint as margaí oscailte agus cosaint á tabhairt ag an am céanna ar chleachtais éagóracha, agus na caighdeáin shóisialta, chomhshaoil, sláinte agus tomhaltóra, arb iad dlúth agus inneach na beatha san Eoraip iad, á gcur chun cinn. Tugann an Chomhairle Eorpach ómós do Helmut Kohl, Saoránach Oinigh de chuid na hEorpa, a cailleadh ar an 16 Meitheamh 2017.

I. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

An tslándáil inmheánach agus an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta

1. Is mian leis an gComhairle Eorpach na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh le deireanas a cháineadh go géar. Seasaimid an fód, gualainn ar ghualainn, in éadan na sceimhlitheoireachta, an fhuatha, agus antoisceachas an fhoréigin. Ní dhearna na gníomhartha seo ach a chinntiú go seasfaimid leis an rún docht daingean atá againn feabhas a chur ar ár slándáil inmheánach: fearfaimid cogadh ar scaipeadh an radacaithe ar líne, déanfaimid comhordú ar an obair atá idir lámha againn chun cur i gcoinne antoisceachas an fhoréigin agus chun é a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar an idé-eolaíocht a bhaineann leis, chun maoiniú na sceimhlitheoireachta a chur de dhroim seoil agus malartuithe gasta, spriocdhírithe faisnéise idir na húdaráis forfheidhmithe dlí agus idir bunachair sonraí a éascú.
2. Tá freagracht ar leith ar lucht tionscail cabhrú leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht ar líne a chomhrac. De bhreis ar an obair a rinne fóram idirlín an Aontais, tá súil ag an gComhairle Eorpach go ndéanfaidh lucht tionscail teicneolaíocht agus uirlisí nua a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar an gcaoi a mbraitear agus a bhaintear go huathoibríoch inneachar a ghríosaíonn daoine chun foréigin. Iarrann sí go dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis na córais sin lena bhféadfaidh sceimhlitheoirí teagmháil a dhéanamh lena chéile ar bhealaí nach féadfaidh na húdaráis inniúla rochtain a fháil orthu, amhail criptiú ó cheann go ceann.

3. Le comhaontú maidir leis an gcóras dul isteach/imeachta, a bhfuiltear ag súil go luath leis, agus le bailchríoch ar an gcóras Eorpach um fhaisnéis agus údarú taistil (ETIAS) faoi dheireadh na bliana, réiteofar an bealach chun iad a chur chun feidhme go pras, agus cuirfear feabhas, dá bhrí sin, ar an rialú ar theorainneacha seachtracha agus ar an tslándáil inmheánach. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún dréachtreachtaíocht a réiteach an túsce is féidir leis na tograí a rinne an sainghrúpa ardleibhéil um idir-inoibritheacht a achtú. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh ar ghníomhartha sceimhlitheoireachta.
4. Ní mór dúinn dlús a chur lenár n-iarrachtaí comhchoiteanna chun eolas a roinnt maidir le trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta agus maidir le daoine radacaithe arb as an Aontas iad agus bearta beartais agus dlí a thabhairt chun cinn chun an bhagairt sin a bhainistiú.

Slándáil sheachtrach agus cosaint

5. Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an athuair go bhfuil sí tiomanta dó comhar an Aontais a neartú maidir le slándáil sheachtrach agus cosaint ionas go dtabharfar cosaint don Aontas agus dá chuid saoránach agus go gcuideofar leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht a chur i réim ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin. Mar a dúradh i gconclúidí an 18 Bealtaine agus an 19 Meitheamh ón gComhairle, tá an-dul chun cinn déanta maidir le straitéis dhomhanda an Aontais i réimse na slándála agus na cosanta agus an dearbhú comhpháirteach a shínigh ceannairí an Aontais agus ceannairí ECAT i Vársá a chur chun feidhme. Tá fíorthábhacht ag baint leis an gcaidreamh trasatlantach idir an tAontas agus ECAT do chúrsaí slándála go ginearálta, chun go bhféadfaimid freagairt do bhagairtí athraitheacha slándála lena n-áirítear sceimhlitheoireacht. Is mór ag an gComhairle Eorpach gur bunaíodh i Heilsincí Ionad Barr Feabhais Eorpach le cur i gcoinne bagairtí hibrídeacha.

6. Má táthar leis an leibhéal is uailmhianta, a d'fhormheas Comhairle Eorpach mhí na Nollag 2016, a bhaint amach, is den chéadriachtanas é go ndéanfaidh na Ballstáit tionscadail chumais a chomhaontú agus a fhorbairt chun na móreasnaimh reatha a leigheas agus teicneolaíochtaí na haimsire anonn a fhorbairt. Is mór ag an gComhairle Eorpach an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCiste Eorpach Cosanta, ciste a mbeadh dhá chuid ann: colún don taighde agus colún don chumas, agus tá sí ag súil gur gearr go gcuirfear i bhfeidhm é. Tá an Chomhairle ag iarraidh go dtiocfaí ar chomhaontú go beo maidir leis an togra lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na cosanta, le go bhféadfar an clár a chur chun feidhme gan mhoill, sula bhféadfaí díriú ar chláir níos cuimsithí sa mheántearma. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit tionscadail oiriúnacha chumais a shainaithint don Chiste Cosanta Eorpach agus don Chlár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit tuilleadh obair a dhéanamh maidir le roghanna do sholáthar comhpháirteach na gcumas laistigh den Chiste Cosanta Eorpach, bunaithe ar shásraí fóna maoinithe. Is é an cuspóir atá ann bonn maith iomaíoch nuálach a chur faoi thionscal na cosanta san Eoraip ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí chomhar trasteorann, agus cuidiú leis an gcomhar méadaithe Eorpach i réimse na cosanta, go háirithe trí leas a bhaint as na sineirgí atá ann agus trí thacaíocht ón Aontas a chur ar fáil anuas ar an maoiniú a dhéanfaidh na Ballstáit. Má táthar le forbairt thionsclaíoch a dhéanamh i réimse na cosanta san Eoraip, caithfidh tacaíocht ón Aontas a bheith ann don infheistíocht a dhéanfaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide i réimse na slándála agus na cosanta. I ndáil leis an méid sin, meabhraíonn an Chomhairle gur iarr sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta céimeanna a scrúdú lena bhféadfaí tacú le hinfeistíocht i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse na consanta.

7. D'fhonn slándáil agus cosaint na hEorpa a neartú, i dtimpeallacht dhúshlánach gheopholaitiúil na linne, agus d'fhonn an leibhéal is uailmhianta a léirítear i straitéis dhomhanda an Aontais a bhaint amach, aontaíonn an Chomhairle gur gá buanchomhar struchtúrtha (PESCO) a sheoladh, agus é cuimsitheach, uailmhianach. Tabharfar fógra a luaithe a aontófar liosta coiteann de chritéir agus de ghealltanais cheangailteacha, go díreach mar a fhoráiltear in Airteagal 42(6) agus in Airteagal 4 CAE agus i bPrótacal 10 a ghabhann leis an gConradh sin. Laistigh de thrí mhí ón dáta a bhfaighidh siad an fógra, ullmhóidh na Ballstáit liosta de ghealltanais fheabhsaithe i réimse na slándála agus na cosanta, agus tráthchlár beacht agus sásraí sonracha measúnaithe ag gabháil leis ionas go mbeidh na Ballstáit arb acmhainn dóibh sin in ann na misin is deacra amuigh a chomhlíonadh. Ba cheart tionscadail agus tionscnaimh nithiúla a shainaithint freisin chun tacú leis na spriocanna, na gealltanais agus na critéir atá ag PESCO ar bhonn comhchoitinn.
8. Le go neartófar bosca uirlisí an Aontais don mhearfhreagairt, aontaíonn an Chomhairle Eorpach gur cheart imscaradh cathghrúpaí a mheas mar chomhchostas ar bhonn buan faoi shásra Athena atá faoi bhainistiú an Aontais. Áitíonn sí ar an gComhairle dlús a chur leis an obair atá á déanamh aici maidir le freagrúlacht níos fearr ar bhainistiú na géarchéime sibhialta.
9. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar na saincheisteanna sin ag ceann de na chéad chruinnithe eile a bheidh aici.

II. COMHAONTÚ PHÁRAS MAIDIR LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go láidir tiomantas an Aontais agus a chuid Ballstát do Chomhaontú Pháras a chur chun feidhme go pras agus go hiomlán, do chomhlíonadh na spriocanna a leagtar amach ann do mhaoiniú na troda in aghaidh an athraithe aeráide agus chun a bheith ar thús cadhnaíochta agus an domhan ag athrú i dtreo an fhuinnimh ghlain. Tá Comhaontú Pháras fós mar chloch choirnéil ag na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar fud an domhain dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus ní fhéadfar é a athchaibidil. Tá fíorthábhacht ag baint leis freisin i dtaobh Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme; anois agus an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt glactha, agus clár oibre níos leithne á shaothrú ag an am céanna, cuirfear tuilleadh le gnóthú an chuspóra seo. Cuirfidh an tAontas feabhas ar an gcomhar atá idir é agus na comhpháirtithe idirnáisiúnta faoi Chomhaontú Pháras, go háirithe na tíortha is leochailí ina measc, agus ar an gcaoi sin cuirfidh sé in iúl go bhfuil dlúthpháirtíocht aige leis na glúine atá ag teacht inár ndiaidh agus go bhfuil freagracht á glacadh aige don phláinéad go léir. De léiriú ar an dlúthpháirtíocht leis na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh agus ar an bhfreagracht i leith an phláinéid uile ógh, feabhsóidh an tAontas gona chomhpháirtithe idirnáisiúnta an comhar a dhéanann siad le chéile faoi chuimsiú Chomhaontú Pháras, go háirithe leis na tíortha sin is leochailí cás. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún breathnú ar na bealaí uile lena mbainfí amach na spriocanna sin. Leanfaidh an tAontas den dlúthchomhar atá aige leis na gníomhaithe neamh-Stáit uile, ag leanúint den dea-shampla a cuireadh ar fáil sa chlár oibre gníomhaíochta domhanda ar son na haeráide.

III. POIST, FÁS AGUS IOMAÍOCHAS

An margadh aonair

11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé margadh aonair dea-fheidhmiúil a bheith ann gona cheithre shaoirse ar mhaithe le fás a chothú, poist a chruthú, agus infheistíochtaí agus nuálaíocht a chur chun cinn. Leis an leagan amach atá ag curtha ag na comhreachtóirí ar chúrsaí, beifear in ann an-dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an chuspóra chomhpháirtí atá ann, mar atá: na straitéis éagsúla atá ann a chur i gcrích agus chun feidhme idir seo agus 2018. Ach tá bearnaí fós ann a gcaithfear díriú arís orthu. Dá bhrí sin, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis gur gá don Aontas gona Bhallstáit tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun leibhéal na huaillmhéine mar a léiríodh i gconclúidí mhí an Mheithimh a bhaint amach maidir leis an margadh aonair, leis an margadh aonair digiteach agus le haontas na margaí caipitil agus leis an aontas fuinnimh. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di an t-athbhreithniú meántearma atá déanta ag an gCoimisiún ar an margadh aonair digiteach agus ar an bplean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil. Caithfear an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme in am agus i dtráth agus í a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, má táthar le tairbhe a bhaint as an margadh aonair. Cuirfidh an Chomhairle tuarascáil faoi bhráid Chomhairle Eorpach mhí an Mheithimh, maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an margadh aonair gona ghnéithe éagsúla a dhóimhniú, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint dá mharana maidir le bealaí nuálacha a bhféadfaí díriú ar na deiseanna agus ar na dúshláin nua a bheidh ann amach anseo, agus ar na bacainní a gcaithfear fós dul dá ndroim.
12. Ag tabhairt dá haire na conclúidí ón gComhairle i mí na Bealtaine 2017, ina n-iarrtar go mbeidh straitéis beartais tionsclaíochta ann amach anseo, cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios an ról bunriachtanach atá ag an tionsclaíocht mar spreagthóir don fhás, don fhostaíocht agus don nuálaíocht san Eoraip. I gcomhréir leis na conclúidí a ghlacsaí roimhe seo, iarrann sí go ndéanfar gníomhaíocht nithiúil chun bonn tionsclaíocht láidir, iomaíoch don mhargadh aonair a áirithiú.
13. Measann an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha agus iarrann sí ar na reachtóirí teacht ar chomhaontú go gasta maidir leis an gciste a leathnú agus a threisiú.

Trádáil

14. Saothróidh an tAontas beartas láidir trádála a urramóidh córas iltaobhach trádála atá oscailte agus bunaithe ar rialacha, agus ról lárnach ag EDT ann. Agus creideamh daingean aici go gcuidíonn an trádáil le rachmas agus le poist a chruthú, coinneoidh an tAontas a chuid margaí ar oscailt agus cuirfidh sé comhrac ar an gcaomhnaitheacht. Déanfaidh sé clár oibre uailmhianach trádála a chur chun cinn go gníomhach ar an leibhéal domhanda. Chun na críche sin, féachfaidh sé lena chinntiú go mbeidh le fáil ag cách cothrom ceart na Féinne, agus beidh sé ar an airdeall maidir leis na príomhchaighdeáin a bheith á n-urramú agus á gcur chun cinn, lena n-áirítear na caighdeáin shóisialta, chomhshaoil, sláinte agus tomhaltóra, arb iad dlúth agus inneach na beatha san Eoraip iad.
15. Tá an Chomhairle Eorpach suite dearfa de nach féidir trádáil agus infheistíocht a bheith saor ach amháin má tá sé cothrom agus má théann sé chun tairbhe do chách agus má chruthaíonn sí sochair chómhalartacha ag an am céanna. Iarrann an Chomhairle Eorpach dá bhrí sin ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú go beo i dtaobh ionstraimí cosanta trádála nua-aimseartha atá comhsheasmhach le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála, a chuirfidh le cumas an Aontais dul i ngleic le cleachtais éagóracha, idirdhealaitheacha trádála agus saobhadh margaidh. Iarrann sí ar an gCoimisiún an obair maidir le bearta comhlántacha a shaothrú go gasta ionas go mbeidh cleachtais trádála agus ionstraimí cosanta an Aontais níos frithghníomhaí agus níos éifeachtúla. Ba cheart don Aontas a áirithiú go bhfuil ar gcomhpháirtithe trádála chomh oscailte i réimsí an tsoláthair phoiblí agus na hinfeistíochta poiblí. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún bealaí a fhiosrú chun infheistíochtaí ó thríú tíortha a shainaithint agus a ghrinnscrúdú in earnálacha straitéiseacha, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú ag an am céanna.
16. Spreagann an Chomhairle Eorpach dul chun cinn maidir leis an gcaibidlíocht uile atá ar bun faoi láthair i dtaobh comhaontuithe uailmhianacha cothromaithe saorthrádála a chur i gcrích, comhaontuithe le Mercosur agus le Meicsiceo ina measc, agus an chómhalartacht agus sochair fhrithpháirteacha mar threoirphrionsabail ag an gcaibidlíocht sin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh le gairid sa chaibidlíocht leis an tSeapáin, a d'fhéadfadh an bealach do chomhaontú polaitiúil luath a réiteach.

An Seimeastar Eorpach

17. Ó tharla glacadh ginearálta ag an gComhairle Eorpach leis na moltaí comhtháite tír-shonracha a pléadh sa Chomhairle, is féidir bailchríoch a chur anois ar Sheimeastar Eorpach 2017.

IV. AN IMIRCE

18. Tá an Chomhairle Eorpach fós tiomanta don chur chuige cuimsitheach atá ag an Aontas i leith na himirce, ar cuid de rialú éifeachtach a dhéanamh ar theorainneacha seachtracha an Aontais le stop a chur leis na sreabha neamhdhleathacha, agus athchóiriú a dhéanamh ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, agus do chur chun feidhme iomlán agus neamh-idirdhealaitheach an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc faoina iomad gné. Leanfaimid de bheith san airdeall ar bhealaí uile na himirce. Leanfaimid de chumais oibríochtúla an Gharda Teorann agus Cósta Eorpach agus na ngníomhaireachtaí eile a neartú agus leas iomlán a bhaint astu.
19. Is dúshlán struchtúrach agus is mór an t-údar imní fós é go bhfuil daoine ag fáil bháis agus sreabha imirce arb iad imircigh eacnamaíocha iad den chuid is mó fós ag sní feadh bhealach na Meánmhara Láir. Ní mór don Aontas gona Ballstáit dlús a chur leis an gcomhordú ar na heilimintí go léir atá i nDearbhú Mhálta, sa chreat comhpháirtíochta agus i bPlean Gníomhaíochta Comhpháirteach Vaileite, agus beart a dhéanamh de réir na mbriathra atá iontu, agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais mar bhuntaca leo. Is ardtosaíocht é comhar réigiúnach a neartú sna gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála. Is gné ríthábhachtach de chur chuige an Aontais é Garda Cósta na Libia a chur faoi oiliúint agus treallamh a thabhairt dóibh agus ba cheart dlús a chur leis an méid sin. Is comhpháirtithe tábhachtacha i gcónaí iad an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus UNHCR, lena n-áirítear chun filleadh deonach a éascú agus coinníollacha glactha a fheabhsú. Daingneofar an comhar leis na tíortha tionscnaimh agus leis na tíortha idirthurais le go maolófar an brú atá á chur ag an imirce ar theorainneacha talún na Libia agus na dtíortha máguaird. San áit sin agus in áiteanna eile is den chéadtoosaíocht againn cur isteach ar shamhlacha gnó na smuigléirí agus na ngáinneálaithe, trí rialú a dhéanamh ar thrádáil trealaimh a bhíonn á n-úsáid ag smuigléirí agus ag gáinneálaithe ar dhaoine.
20. Ba cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh le dul chun cinn ceart a dhéanamh maidir leis an mbeartas um fhilleadh. De bhreis ar a bhfuil sa Phlean Gníomhaíochta Athnuaite maidir le Filleadh, cuirfear socruithe dea-fheidhmiúla le tríú tíortha maidir le hathligeran isteach i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais gan mhoill trí leas a bhaint as gach luamhán, lena n-áirítear tríd an mbeartas víosa i leith a mheasúnú athuair, de réir mar is gá agus i gcomhthéacs na caibidlíochta atá ar na bacainn i ndáil leis an gComhaontú Cotonou.

21. Athdhearbhaíonn an Chomhairle na conclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir leis an athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn. A bhuí leis an dul chun cinn mór a rinneadh faoi Uachtaránacht Mhálta, tuigtear do chách gur gá don chomhchóras Eorpach Tearmainn athchóirithe an chothromaíocht cheart a aimsiú idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, agus go gcaithfidh teacht aniar a bheith sa chóras sin le go mbeidh sé in ann déileáil leis na géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo. Caithfidh an córas a bheith éifeachtúil, caithfidh sé a bheith in ann ag an mbrú ón imirce, agus caithfidh sé deireadh a chur leis na tosca tarraingthe agus roimh na gluaiseachtaí tánaisteacha, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit is measa as. Iarrtar ar an gCoimisiún réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann a fhiosrú chun an t-ualach ar na Ballstáit túslíne a mhaolú. D'fhone feabhas a chur ar an gcomhar le tríú tíortha, agus teacht roimh aon ghéarchéimeanna nua a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart coincheap na 'tríú tíre sábháilte' a ailíniú go docht leis na ceanglais a eascraíonn as Coinbhinsiún na Ginéive agus as dlí príomha an Aontais, agus inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi na Conarthaí á n-urramú. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gcéad Uachtaránacht eile leanúint leis an gcaibidlíocht ar an mbonn sin, le cuidiú gníomhach ón gCoimisiún.

V. AN EORAIP DHIGITEACH

22. Agus í ag breathnú ar an gclár oibre as seo go deireadh na bliana, go háirithe an cruinniú mullaigh digiteach i dTaillinn ar an 29 Meán Fómhair 2017, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis an tábhacht mhór mhillteach a bhaineann le fis uailmhianach digiteach don Eoraip, dá sochaí agus dá geilleagar. Tá cur chuige iomlánaíoch riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus chun leas a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as an gceathrú réabhlóid dhigiteach. Chun na críche sin ní mór an margadh aonair digiteach a chur chun feidhme go huile is go iomlán. Ag an am céanna, ba cheart dúinn breathnú ar an bpictiúr mór idir mhargaí, bhonneagar, ghnéithe a bhaineann leis an tsochaí agus leis an gcultúr, lena n-áirítear an deighilt dhigiteach, noirm agus caighdeáin, inneachar agus sonraí, infheistíocht, cibearshlándáil, ríomhrialtas agus taighde agus forbairt. D'fhone tabhairt faoi na dúshláin chibearshlándála ar ann dóibh anois agus feasta, is mór ag an gComhairle Eorpach go bhfuil rún ag an gCoimisiún an straitéis chibearshlándála a athbhreithniú agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe breise a mholadh roimh dheireadh na bliana.